www.xtrapapers.com

New Specification

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2017

# Irish

## Assessment Unit AS 2
## (Section A)

*assessing*

## Listening

**[SIR21]**

**FRIDAY 26 MAY, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

☐ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2017
Irish New Specification, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Dúirt príomhoide agus múinteoirí Gaelscoile i mBaile Átha Cliath ar na mallaibh go bhfuil lúcháir mhór orthu anois go bhfuil an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag tabhairt cead dóibh scoil úr a thógáil.

Bhí tús le cur leis an scoil úr dhá mhí ó shin. D'fhógair urlabhraí thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag an am sin, áfach, go raibh easpa airgid ann do scoileanna úra agus go raibh an obair thógála ar ceal, scéal a chuir díomá ar chuid mhór daoine. D'eagraigh údaráis na scoile feachtas in éadan chinneadh na Roinne agus fuair siad amach inné gur éirigh lena bhfeachtas.

Is cosúil go dtosóidh na tógálaithe ar an obair i gceann míosa. Chomh maith leis na seomraí ranga úra, beidh bialann úr, halla úr spóirt agus seomraí ríomhairí ann.

Bunaíodh an scoil sa bhliain naoi déag nócha a sé. Ó shin i leith tá fás agus forbairt tagtha ar an scoil agus tá naisc ag an scoil le scoileanna san Ísiltír, san Astráil agus sa Pholainn. Ní raibh ach sé dhalta is fiche sa scoil nuair a bunaíodh í. Anois, áfach, tá chóir a bheith dhá chéad caoga dalta ag freastal ar an scoil. Chuir an príomhoide fáilte mhór roimh an chinneadh is déanaí agus dúirt go raibh sé thar am acu scoil úr a fháil. Dúirt sé go bhfuil an foirgneamh ina bhfuil siad faoi láthair ag titim as a chéile agus go bhfuil sé buartha go bhfuil sláinte agus sábháilteacht na bpáistí i mbaol ann. Guímid gach rath agus bláth ar an scoil úr sna blianta atá romhainn.

*Arna chóiriú as suíomh idirlín Nuacht TG4, 26/02/16*

www.xtrapapers.com

2 Léigh mé úrscéal ar na mallaibh a phléigh an saol a bhí ag triúr déagóirí as Baile Átha Cliath. Is ó chúlraí éagsúla sa chathair an triúr carachtar san úrscéal agus tá siad uilig ag dul do scrúdú na hArdteistiméireachta. Is ó chúlra meánaicmeach é an príomhcharachtar, Ruán. Is léachtóir ollscoile a athair a bhfuil gnólachtaí móra agus tithe thar lear aige. Cé go bhfuil dúil ag Ruán sna teangacha ar scoil, cuireann a mháthair brú air cúrsa gnó a dhéanamh ar ollscoil.

Cónaíonn Emma, carachtar eile san úrscéal, cónaíonn sise ar an tsráid chéanna le Ruán ach tá a tuismitheoirí colscartha agus níl dúil ag máthair Ruáin inti. Bean ardnósach atá i máthair Ruáin agus, cé go síleann Ruán go bhfuil Emma dóighiúil, tá a fhios aige nach mbeadh a mháthair sásta dá siúlfadh sé amach léi.

Eagraíonn tuismitheoirí Ruáin cóisir mhór agus iad ag ceiliúradh fiche bliain a bpósta. Ní chuireann siad cuireadh ar Emma ná ar a máthair chuig an chóisir agus cuireann sé sin samhnas ar Ruán. Níos moille san úrscéal téann tuismitheoirí Ruáin chuig An Tuirc mar chuid de cheiliúradh a bpósta. Agus iad sa Tuirc, tarlaíonn taisme dóibh. Tagann athrú mór ar shaol Ruáin agus ar shaol an teaghlaigh mar gheall air sin.

Is é Colm an tríú carachtar san úrscéal. Cónaíonn seisean i gceantar bocht sa chathair. Tá dhá phost páirtaimseartha ag Colm. Bíonn sé ag obair i mbácús agus in eischeadúnas. Bíonn Colm ag obair uaireanta fada le cuidiú lena mháthair agus le héalú as an teach. Is alcólach a athair agus bíonn sé ag tromaíocht ar Cholm agus ar a mháthair.

Tarlaíonn cuid mhaith eachtraí suimiúla san úrscéal seo agus tá sé iontach fóirsteanach do dhéagóirí.

This is the end of the recording.